



An Bhruiséil, 23 Feabhra 2026
(OR. en)

6459/1/26
REV 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0311(COD)

CODEC 252
ENT 28
MI 140
CONSUM 48
COMPET 204

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-THREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2014/32/AE a mhéid a bhaineann le córais tomhais do threalamh soláthair le haghaidh feithiclí leictreacha agus do dháileoirí gáis chomhbhrúite, agus méadair fuinnimh leictreachais, gháis agus theirmigh(an chéad léamh) – Glacadh an ghnímh reachtaigh

1. An 29 Samhain 2024, chuir an Coimisiún an togra uaidh¹, atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.
2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 22 Eanáir 2025².
3. An 10 Feabhra 2026, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún³. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

¹ 16426/24 + ADD 1.

² 12833/25 + COR 1.

³ 6233/26.

4. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 58/25, mar mhír ‘A’ ar chláir oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus Poblacht na Seice, an Ostair agus an tSualainn ag staonadh ón vótáil.
5. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ón gcrúinniú den Chomhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.
6. Má fhorghheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glactar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
